2024/2764

31.10.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2764 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2723 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le coinneálaithe lampaí scriú Edison, boscaí agus iatáin do chomhghabhálais leictreacha, caidéil imshruthaithe dho-aistrithe, feistis leithris agus córas luchtaithe sheoltaigh le haghaidh feithiclí leictreacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), trealamh leictreach atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil an trealamh sin i gcomhréir leis na cuspóirí sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 3 den Treoir sin agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, ar cuspóirí iad a chumhdaítear faoi na caighdeáin chomhchuibhithe sin nó faoi na codanna sin díobh.

(2) Le litir M/511 an 8 Samhain 2012, d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN), ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (CENELEC) agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI) an chéad liosta iomlán de theidil na gcaighdeán comhchuibhithe a sholáthar, agus na caighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh leictreach a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais, na caighdeáin den sórt sin a dhréachtú, a athbhreithniú agus a chur i gcrích chun tacú le Treoir 2014/35/AE ('an iarraidh'). Na cuspóirí sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir 2014/35/AE agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, is cuspóirí iad nár tháinig athrú orthu ó cuireadh an iarraidh faoi bhráid CEN, CENELEC agus ETSI.

(3) Ar bhonn na hiarrata, rinne Cenelec athbhreithniú ar chaighdeán comhchuibhithe EN 60335-2-51:2003, arna leasú le EN 60335-2-51:2003/A1:2008 agus EN 60335-2-51:2003/A2:2012, i dtaca le ceanglais shainiúla maidir le caidéil imshruthaithe dho-aistrithe, caighdeán ar foilsíodh na tagairtí dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2723 ón gCoimisiún ([3]). Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN IEC 60335-2-51:2023 arna leasú le EN IEC 60335-2-51:2023/A11:2023.

(4) Thairis sin, ar bhonn na hiarrata, rinne Cenelec leasú ar na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, ar caighdeáin iad ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2723: EN IEC 60335-2-84:2021 arna leasú le EN IEC 60335-2-84:2021/A11:2021 i dtaca le ceanglais shainiúla maidir le feistis leithris; EN 60670-21:2007 arna leasú le EN 60670-21:2007/A11:2023 i dtaca le ceanglais shainiúla maidir le boscaí agus iniaimh le haghaidh oiriúintí leictreacha agus EN IEC 60238:2018 maidir le coinneálaithe lampaí scriú Edison. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin chomhchuibhithe leasaitheacha seo a leanas: EN IEC 60335-2-84:2021/A12:2023; EN 60670-21:2007/A1:2023; EN IEC 60238:2018/A1:2018 agus EN IEC 60238:2018/A2:2021.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj?locale=ga.

([2]) Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 357, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/35/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2723 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2023 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh trealamh leictreach a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2723, 13.12.2023, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32023D2601).

(5) Rinne an Coimisiún, in éineacht le Cenelec, measúnú féachaint an gcomhlíontar an iarraidh leis na caighdeáin agus na leasuithe orthu, a dhréachtaigh Cenelec.

(6) Leis na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas agus na leasuithe orthu, comhlíontar na ceanglais sábháilteachta is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2014/35/AE: EN IEC 60335-2-51:2023, arna leasú le EN IEC 60335-2-51:2023/A11:2023; EN IEC 60335-2-84:2021 arna leasú le EN IEC 60335-2-84:2021/A11:2021, agus EN IEC 60335-2-84:2021/A12:2023; EN 60670-21:2007 arna leasú le EN 60670-21:2007/A11:2023, agus EN 60670-21:2007/A1:2023; EN IEC 60238:2018 arna leasú le EN IEC 60238:2018/A1:2018, agus EN IEC 60238:2018/A2:2021. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí do na caighdeáin sin agus na leasuithe a rinneadh orthu a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Ar deireadh, d'eisigh Cenelec ceartúchán ar chaighdeán comhchuibhithe EN IEC 61851-1:2019 i dtaca le ceanglais ghinearálta maidir le córas luchtaithe sheoltaigh le haghaidh feithiclí leictreacha, caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2723. Is é an toradh a bhí air sin caighdeán comhchuibhithe EN IEC 61851-1:2019 arna cheartú le EN IEC 61851-1:2019/AC:2023-12.

(8) Rinne an Coimisiún, in éineacht le Cenelec, measúnú féachaint an bhfuil an ceartúchán a rinneadh ar chaighdeán comhchuibhithe EN IEC 61851-1:2019, is é sin EN IEC 61851-1:2019/AC:2023-12, fíor-riachtanach chun é a chur i bhfeidhm i gceart mar chaighdeán comhchuibhithe.

(9) Tá an ceartúchán EN IEC 61851-1:2019/AC:2023-12 fíor-riachtanach chun EN IEC 61851-1:2019 a chur i bhfeidhm i gceart mar chaighdeán comhchuibhithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, an tagairt do EN IEC 61851-1:2019, arna cheartú le EN IEC 61851-1:2019/AC:2023-12, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(10) Cuirtear ar fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2723 na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe lena dtugtar le fios go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Treoir 2014/35/AE. Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/35/AE, chun a áirithiú go ndéanfar iad a liostú in aon ghníomh amháin, ba cheart na tagairtí do chaighdeáin EN IEC 60238:2018, EN IEC 60335-2-51:2023, EN IEC 60335-2-84:2021 agus EN 60670-21:2007, agus do na leasuithe a rinneadh orthu, agus do chaighdeán EN IEC 61851-1:2019 agus an ceartú a rinneadh air, a chur isteach san Iarscríbhinn sin.

(11) Dá bhrí sin, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN IEC 60238:2018, EN 60335-2-51:2003, EN IEC 60335-2-84:2021, EN 60670-21:2007 agus EN IEC 61851-1:2019, mar aon le haon tagairt do na caighdeáin leasaitheacha a ghabhann leo a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is gá na tagairtí sin a tharraingt siar as *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí sin a scriosadh as Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2723.

(12) Chun dóthain ama a thabhairt do mhonaróirí a dtrealamh leictreach a oiriúnú, trealamh a chumhdaítear le caighdeáin chomhchuibhithe EN IEC 60238:2018; EN 60335-2-51:2003 arna leasú le EN 60335-2-51:2003/A1:2008 agus EN 60335-2-51:2003/A2:2012; EN IEC 60335-2-84:2021 arna leasú le EN IEC 60335-2-84:2021/A11:2021; EN 60670-21:2007 arna leasú le EN 60670-21:2007/A11:2023; agus EN IEC 61851-1:2019, is gá tarraingt siar na dtagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a chur siar.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2723 a leasú dá réir.

(14) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha, lena n-áirítear na cuspóirí sábháilteachta, a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2723 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (1) den Iarscríbhinn ón 30 Aibreán 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2723 mar a leanas:

(1) scriostar rónna 139, 198, 221, 299a agus 517;

(2) cuirtear na rónna seo a leanas isteach in ord seicheamhach:

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
‘139a.	EN IEC 60238:2018 Coinneálaithe lampaí scriú Edison EN IEC 60238:2018/A1:2018 EN IEC 60238:2018/A2:2021’;
‘198a.	EN IEC 60335-2-51:2023 Fearais tí agus fearais leictreacha chomhchosúla – Sábháilteacht – Cuid 2-51: Ceanglais ar leith maidir le caidéil imshruthaithe dho-aistrithe le haghaidh suiteálacha téimh agus uisce seirbhíse EN IEC 60335-2-51:2023/A11:2023’;
‘221a.	EN IEC 60335-2-84:2021 Fearais tí agus fearais leictreacha chomhchosúla – Sábháilteacht – Cuid 2-84: Riachtanais shainiúla maidir le feistis leithris EN IEC 60335-2-84:2021/A11:2021 EN IEC 60335-2-84:2021/A12:2023’;
‘299b.	EN 60670-21:2007 Boscaí agus iniaimh do chomhghabhálais leictreacha le haghaidh suiteálacha leictreacha seasta tí agus comhchosúla eile – Cuid 21: Riachtanais shainiúla maidir le boscaí agus iniaimh agus soláthar do mheáin chrochta EN 60670-21:2007/A11:2023 EN 60670-21:2007/A1:2023’;
‘517a.	EN IEC 61851-1:2019 Córas luchtaithe sheoltaigh le haghaidh feithiclí leictreacha – Cuid 1: Riachtanais ghinearálta EN IEC 61851-1:2019/AC:2023-12’.